# 3+ Review

**Irish translation of 3+ Review**

## A Thuismitheoir, a chara

Tá athbhreithniú ar shláinte á thairiscint do gach páiste réamhscoile, rud a dhéanfaidh altra ceantair trí chuairt a thabhairt ar an scoil.

Ré shuntasach is é sin i saol do pháiste. Tá sé tábhachtach go bhfuil an inniúlacht ag do pháiste maidir le muinín, iontaobh, fiosracht agus go bhfuil sé nó sí in ann caidreamh a chothú agus foghlaim.

Gheobhaidh tú féin agus do pháiste cuireadh chuig cruinniú leis an altra ceantair go luath chun forbairt do pháiste a phlé.

Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbaineann do pháiste sult as an fhoghlaim. Gheobhaidh tú deis sa chruinniú sin le forbairt shóisialta agus mhothúchánach do pháiste a phlé. Dá mhead eolais a bhíonn agat ar shláinte agus fhorbairt do pháiste is amhlaidh is fusa duit cuidiú leis nó léi.

Fiú dá mbeadh do pháiste ag fáil tacaíochta cheana féin ó sheirbhísí éagsúla sláinte agus oideachais, spreagfaimis fosta páirt a ghlacadh san Athbhreithniú 3+.



Tabharfaidh do phríomhoide/cheannaire réamhscoile an t-eolas maidir le coinne a chur in áirithe leis an altra ceatair don Athbhreithniú 3+. Cuir ar an eolas muid má tá ateangaire de dhíth ort le go mbeidh muid in ann é a chur in áirithe roimh ré.

- Déanfar é sin i do réamhscoil /naíscoil.
- Tabhair leabhar dearg do pháiste leat (PCHR).

Clár Aitheantais chun Athrú Sóisialta a Bhaint Amach de chuid Feidhmeannach Thuaisceart Éireann / Atlantic Philanthropies is ea an Clár Athraithe Luath-Idirghabhála (EITP), arna chomh-mhaoiniú ag an chiste Delivering Social Change (Athrú Soisialta a Bhaint Amach), DoH (an Roinn Sláinte), DE (an Roinn Oideachais), DoJ (an Roinn Dlí agus Cirt), DfC (an Roinn Pobal), DfE (an Roinn Geilleagair) agus The Atlantic Philanthropies. **Is é is aidhm le EITP torthaí a fheabhsú do pháistí agus do dhaoine óga thar Thuaisceart Éireann trí líon cur chuige luath-idirghabhála a leagan síos.**



HSC Health and Social Care

Early Intervention Transformation Programme

The ATLANTIC Philanthropies

Northern Ireland Executive
www.northernireland.gov.uk
DELIVERING SOCIAL CHANGE

09/18

An Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí 12–22 Sráid Halla an Lín, Béal Feirste BT2 8BS Teil: 0300 555 0114 (ráta áitiúil)
www.publichealth.hscni.net